# San Óstán



Isteach linn in **óstán** mór don tae. Chuir fear fáilte **romhainn.** Shuíomar chun boird. Thosaigh cuid de na páistí ag súgradh leis na sceana agus na foirc. Bhí **fothram** uafásach san áit. Lig an máistir béic as agus dúirt sé linn fanacht ciúin. Thug na **cailíní freastail ispíní** agus **sceallóga prátaí** dúinn go léir. D'itheamar **ár ndóthain.** Éinne nár mhaith leis ispíní thug sé do Liam iad. D'ith Liam **breis agus** deich n-ispín. Fuaireamar **uachtar reoite** mar **mhilseog.** Níor fhéad Liam an mhilseog a ithe. Thaitin an béile go mór liom. D'fhágamar an t-óstán ar a hocht a chlog. Bhíomar go sona sásta ag deireadh an lae.

**Foclóir:**

**óstán,** hotel
**ispíní,** sausages
**sceallóga prátaí,** potato chips
**milseog,** dessert

**A. Scríobh amach an freagra ceart:**

1. Cad a rinne cuid de na páistí nuair a chuaigh siad isteach san óstán?
   — Thosaigh siad ag súgradh leis na sceana agus na foirc.
   — Thosaigh siad ag ithe cácaí.
   — Thosaigh siad ag canadh.

2. Céard a thug na cailíní freastail do na páistí?
   — úlla agus oráistí.
   — cnónna agus milseáin.
   — ispíní agus sceallóga prátaí.

3. Céard a fuair siad mar mhilseog?
   — ispíní.
   — sceallóga prátaí.
   — uachtar reoite.

**B. Líon isteach na bearnaí sna habairtí seo a leanas:**

1. Isteach linn in — mór don — .
2. Bhí — uafásach san áit.
3. Lig an máistir — — .
4. D'ith Liam breis agus — — .
5. Bhíomar go sona sásta ag — — — .

**C. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:**

1. Chuir fear fáilte romhainn.
2. Dúirt sé linn fanacht ciúin.
3. Na cailíní freastail.
4. Breis agus deich n-ispín.
5. Ar a hocht a chlog.

**D. Freagair na ceisteanna seo a leanas:**

1. Cén fáth a raibh fothram uafásach san áit?
2. Cén fáth ar lig an máistir béic as?
3. Cé a thug na hispíní do Liam?
4. Cad a fuair na páistí mar mhilseog?
5. Cad a rinne siad ar a hocht a chlog?

**Gramadach 27**

1. Lig **an máistir** béic **as.**
   (mise, tusa, eisean, ise, sinne, sibhse, iadsan.)
2. **D'itheamar ár** ndóthain.
   (mise, tusa, eisean, ise, sibhse, iadsan.)
3. Níor fhéad Liam **an mhilseog a ithe.**
   (ullmhaigh/an dinnéar, déan/an tsubh, gearr/an ghruaig, nigh/na héadaí.)